C/2025/3603

1.7.2025

CINNEADH Ó BHIÚRÓ PHARLAIMINT NA HEORPA

an 16 Meitheamh 2025

lena leagtar síos na Rialacha maidir le haisíoc speansas a thabhaíonn achainígh agus iad i mbun cuairteanna faisnéise oifigiúla an Choiste um Achainíocha laistigh den Aontas Eorpach

(C/2025/3603)

TÁ BIÚRÓ PHARLAIMINT NA hEORPA,

— ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 227 de,

— ag féachaint do Riail 25, míreanna 2 agus 9, agus do Theideal IX de Rialacha Nós Imeachta Pharlaimint na hEorpa,

— ag féachaint do Chinneadh ón mBiúró an 24 Meitheamh 2024 maidir le Rialacha maidir le hÉisteachtaí Poiblí,

— ag féachaint do Chinneadh ó Chomhdháil na nUachtarán an 13 Márta 2025 maidir leis na forálacha cur chun feidhme lena rialaítear misin lasmuigh de thrí ionad oibre Pharlaimint na hEorpa;

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le linn achainíocha a imscrúdú, fíorais a shuíomh nó réitigh a lorg, féadfaidh an Coiste um Achainíocha i bParlaimint na hEorpa cuairteanna oifigiúla aimsithe fíoras a eagrú chuig an mBallstát nó chuig an réigiún lena mbaineann achainíocha inghlactha a ndearnadh díospóireacht orthu sa Choiste sin cheana.

(2) Iarrtar go rialta ar achainígh bualadh le comhaltaí thoscaireacht chuairt oifigiúil aimsithe fíoras an Choiste um Achainíocha nuair a phléitear a n-achainíocha, ós rud é gur féidir le hachainígh, agus iad i láthair, fíorais agus mionsonraí ríthábhachtacha a nochtadh maidir le hábhair shonracha mar gheall ar an bhfaisnéis agus an taithí is féidir leo a chomhroinnt.

(3) I gcásanna eisceachtúla a bhfuil údar cuí leo, ba cheart an fhéidearthacht a bheith ann aisíocaíocht a dhéanamh ar chostais rannpháirtíochta na n-achainíoch i gcuairteanna oifigiúla aimsithe fíoras de chuid an Choiste um Achainíocha nuair a dhéantar an chuairt oifigiúil aimsithe fíoras lasmuigh d'áit chónaithe an achainígh,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Raon feidhme agus teorainn bhliantúil

Féadfar speansais a aisíoc le 16 achainígh ar a mhéad in aghaidh na bliana a ghlacann páirt i gcuairt oifigiúil aimsithe fíoras de chuid an Choiste um Achainíocha laistigh den Aontas, i gcomhréir leis an gCinneadh seo agus faoi réir cistí a bheith ar fáil.

Airteagal 2

Iarrataí ar aisíocaíocht speansas

1. Laistigh den raon feidhme agus den teorainn a leagtar amach in Airteagal 1, féadfar speansais na n-achainíoch a ghlacann páirt i gcuairteanna oifigiúla aimsithe fíoras de chuid an Choiste um Achainíocha a aisíoc, ar bhonn eisceachtúil agus cás ar chás, arna iarraidh sin don achainíoch, de rogha Chathaoirleach an Choiste um Achainíocha, ar choinníoll gur fíor an méid seo a leanas ina leith:

— is san Aontas a bhíonn an chuairt oifigiúil aimsithe faisnéise ar siúl;

— tá cónaí ar an achainíoch ar chríoch an Aontais;

— is mó ná 200 ciliméadar an t-achar idir buanáit chónaithe an achainígh agus áit na cuairte oifigiúla aimsithe faisnéise.

2. Déanfaidh rúnaíocht an Choiste um Achainíocha, thar ceann Chathaoirleach an Choiste um Achainíocha, iarrataí atá formheasta ag an gCathaoirleach sin a chur faoi bhráid an oifigigh údarúcháin trí fhotharmligean agus luafar iontu ainmneacha na n-achainíoch a luaitear sna tuarascálacha (chomh maith le huimhir na hachainí ábhartha) chun a chruthú gur achainíoch an t-iarrthóir.

3. Nuair a shíníonn níos mó ná duine nádúrtha nó dlítheanach amháin an achainí, ní fhéadfar ach speansais an ionadaí ainmnithe a aisíoc.

4. Cuirfidh rúnaíocht an Choiste um Achainíocha na hachainígh ar an eolas faoin gcinneadh a dhéantar maidir lena n-iarraidh ar aisíocaíocht.

5. Beidh Cathaoirleach an Choiste um Achainíocha freagrach as cothromaíocht gheografach a áirithiú i measc na n-achainíoch a n-aisíoctar a speansais gach bliain.

Airteagal 3

Socruithe airgeadais

Beidh achainígh a bhfuil a n-iarraidh ar aisíocaíocht speansas formheasta i dteideal aisíocaíocht ar a speansais taistil agus liúntas laethúil, i gcomhréir leis na socruithe seo a leanas:

(a) Speansais taistil:

(i) Má thaistealaíonn siad ar thraein nó d'aer, beidh achainígh i dteideal aisíocaíocht a fháil ar speansais taistil a thabhaítear go hiarbhír, suas le huasmhéid na táille traenach den chéad-ghrád nó na táille eitilte solúbtha den ghrád barainne, de réir mar is iomchuí; déanfar an aisíocaíocht ar bhonn an bhealaigh is giorra idir an stáisiún iarnróid nó an t-aerfort is gaire do bhuanáit chónaithe an achainígh agus ionad an chruinnithe agus ar thabhairt ar aird dóibh na ticéid eitilte nó traenach bhunaidh i bhformáid pháipéir nó leictreonach, lena n-áirítear na cártaí bordála, más infheidhme; más féidir leis an achainíoch a léiriú go bhfuil bealach difriúil aerthaistil nó aicme difriúil aerthaistil níos barainní ná mar a thuairiscítear sa phointe seo, féadfar an t-achainíoch sin a aisíoc dá réir sin; gheobhaidh achainigh liúntas ar ráta comhréidh chun costas an turais fillte idir a mbuanáit chónaithe agus an stáisiún traenach nó an t-aerfort is cóngaraí a chumhdach, lena n-áirítear aon táille páirceála a íoctar ag an stáisiún nó ag an aerfort; is é méid an liúntais ar ráta comhréidh an méid a leagtar amach sa Chinneadh ón mBiúró maidir le Rialacha maidir le hÉisteachtaí Poiblí.

(ii) beidh achainigh a thaistealaíonn i gcarr, ar thabhairt ar aird dóibh dearbhú onóra i scríbhinn, i dteideal aisíocaíocht ar ráta comhréidh ar a gcuid speansas a chomhfhreagraíonn do tháille traenach den dara ghrád a dhéantar a ríomh ar bhonn an bhealaigh is giorra idir a mbuanáit chónaithe agus ionad na cuairte oifigiúla aimsithe fíoras; mura bhfuil aon stáisiún iarnróid i gcomharsanacht dhíreach do bhuanáit chónaithe an achainígh nó ionad na cuairte oifigiúla aimsithe fíoras chun an ríomh sin a dhéanamh, déanfar an aisíocaíocht ar bhonn liúntais in aghaidh an chiliméadair arna íoc de réir an ráta a leagtar amach i mír 78 de Rialacha Inmheánacha na Parlaiminte lena rialaítear misin agus taisteal dualgais oifigigh agus sheirbhísigh eile Pharlaimint na hEorpa ([1]);

(iii) féadfar taisteal ó áit seachas buanáit chónaithe an achainígh agus chuici a údarú in imthosca eisceachtúla agus beidh ar an achainíoch údar cuí a thabhairt leis;

([1]) Is é EUR 0,32 in aghaidh an chiliméadair an ráta is infheidhme faoi láthair. Féadfar an méid sin a oiriúnú.

(b) Liúntais chothaithe agus liúntais thar oíche ar bhonn rátaí comhréidh:

(i) beidh achainígh i dteideal liúntas laethúil in aghaidh gach lae do gach lá a ghlacann siad páirt ghníomhach i gcruinniú chun costas béilí, iompar áitiúil ag áit na cuairte oifigiúla aimsithe fíoras agus speansais eile a chumhdach; cuirfear laghdú 30 % i bhfeidhm ar an liúntas laethúil le haghaidh gach béile a sholáthraítear saor in aisce; i gcás ina gcuirtear bricfeasta ar fáil saor in aisce, 10 % a bheidh sa laghdú ar an liúntas laethúil sin;

(ii) má éilítear ar achainígh an oíche a chaitheamh ag áit na cuairte oifigiúla aimsithe fíoras, beidh siad i dteideal liúntas thar oíche ar ráta comhréidh faoi réir údarú a fháil roimh ré ón oifigeach údarúcháin; i gcásanna eisceachtúla, féadfar a údarú d'achainígh níos mó ná oíche amháin a chaitheamh ag áit na cuairte oifigiúla aimsithe fíoras; i gcásanna den sórt sin, beidh achainígh i dteideal an liúntais thar oíche céanna ar ráta comhréidh don oíche bhreise nó do na hoícheanta breise faoi réir údarú a fháil roimh ré ón oifigeach údarúcháin;

(iii) is é a bheidh i méideanna na liúntas cothaithe agus na liúntas thar oíche ar ráta comhréidh na méideanna sin a leagtar amach sa Chinneadh ón mBiúró maidir le Rialacha maidir le hÉisteachtaí Poiblí.

Airteagal 4

Bearta cur chun feidhme

Féadfaidh an tArdrúnaí bearta le haghaidh chur chun feidhme an Chinnidh seo a ghlacadh.

Airteagal 5

Teacht i bhfeidhm agus foilsiú

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.